## Clóscríobhán Tower

# Feasta

Iris Connraḋ na Gaeḋilge

14 Cearnóg Parnell
Áṫ Cliaṫ

A Ṡíntiúsóir, a ċara,

Beaṫa a's sláinte ċugat.

I ḃfianaise a ndearnaḋ de ṁolaḋ ar an iris seo againne ariaṁ ó bunaíoḋ í ní doiġ linn go mbeirse, ná aon léiṫeoir eile, ag súil le buíoċas uainn as uċt na tacaíoċta ceannaiġ a fuair sí. Aċ dá ainneoin sin, gaiḃimid ár mbuíoċas leat, mar is maiṫ is eol duinn gur ġearr an saol a ḃeaḋ ag an iris, ná ag iris ar biṫ eile dá feaḃas í, mura mbeaḋ líon maiṫ léiṫeoirí aici.

Is áiriṫe linn go gcuirfiḋ sé áṫas ort a ċlos go ḃfuil ag méadú ar ṗobal léiṫeoireaċta FEASTA ó mí go céile. Nílimid sásta, áfaċ, go ḃfuil ag an iris fós an líon atá ann di aċ go dtiocfaí ar na léiṫeoirí breise. Tá an tír lán de Ġaeilgeoirí ná fuil baint acu le heagraíoċt ar biṫ agus atá dall fós ar FEASTA a ḃeiṫ ann. Ċun go dtiocfaí orṫusan isea atá do ċaḃairse againn á iarraiḋ ort.

Iarraimid ort cáil na hirise a leaṫaḋ; cóip di a ṫaispeáint do ḋaoine ar suim leo í, dar leat, agus iad a ċur á ceannaċ; í a ċur á díol i siopaí más féidir leat. Iarraimid an rud ba leor ó Ṁóir féin ort – do ḋíċeall.

B'féidir cairde a ḃeiṫ agat féin in Éirinn nó i gcéin go mba ṁaiṫ leat go gcuirfí an iris ċucu go ceann bliana. Má tá, tá foirm fena ċun seo lena agaiḋ sin.

Beannaċtaí na Nollag ort.

Sinne: Leon Ó Duḃġaill, Caṫaoirleaċ.
Seosaṁ Ó Duiḃġinn, Eagarṫóir.

---

FOIRM ṠÍNTIÚIS

Tá istiġ leis seo seic/ordú poist ar 5s., íocaíoċt as FEASTA a ċur tríd an bpost go ceann bliana ċuig:

Ainm ..................................................

Seolaḋ ..................................................

Tosaiġí le heagrán ..................................................

Dáta ........................ Síniú ........................................

Nollaig 1950.

Litir chlóscríofa dar dáta Nollaig 1950.